



Acmhainní Litríochta (T1)

An Litríocht: Féidearthachtaí



Acmhainní don Litríocht Bhéil/Áitiúil



Sainmhíniú ar Théacs:

Is féidir téacs a thabhairt ar gach toradh a bhíonn ar úsáid teanga: teanga labhartha, scríofa, físeach, nó ilmhódach. Is éard is téacs ilmhódach ann ná téacs ina bhfuil teanga agus córais chumarsáide eile in éineacht, leithéidí téacs clóite, íomhánna, fuaim agus an teanga labhartha. Trí úsáid a bhaint as an sainmhíniú sin ar an bhfocal téacs féachtar le cuimsíú a dhéanamh ar an saibhreas agus ar an éagsúlacht atá riachtanach chun an scoláire a spreagadh, agus a mheas ar theanga a chothú. Ní mór tuiscint cheart a bheith ag an léitheoir ar an mbrí atá leis an bhfocal téacs chun ciall a bhaint as na torthaí foghlama i ngach gné agus i ngach snáithe. (**Sampla:** Alt ó Nós.ie)

Sainmhíniú ar Théacs Litríochta:

Is éard is téacs litríochta ann ná téacs ina bhfuil léiriú ann ar bhail nó ar chuínsí an duine aonair, ar scéal a eascraíonn as mothúcháin, as taithí saoil, as cuimhní, as cruachás an staid dhaonna. Go minic bíonn léiriú ann ar fhantaisíocht, ar fhinscéalta, ar mhothúcháin, ar uafáis agus ar fhíseanna. Baineann saothair chruthaitheacha: scannáin, gearrscéalta, amhráin, drámaí, dánta, úrscéalta agus araile, le croí agus le haigne, le mothúcháin is le samhlaíocht. (**Sampla:** Úrscéal, gearrscannán)